# 6 An Scéim Chomhiomlánaithe Talún

**6.1** Mar chuid dá sainchúram, thacaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) leis go bhfaigheadh údaráis áitiúla cúlsoláthair thalún le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne. Bhí ar údaráis áitiúla breithniú a dhéanamh ar an bhfáil a bhí ar thalamh le haghaidh tithíochta ina limistéir mar chuid d’fhorbairt pleananna ilbhliantúla gníomhaíochta. Faigheann an Roinn nuashonruithe bliantúla ó údaráis áitiúla ar mhéid na talún atá á choimeád agus an t-éileamh ionchasach ar an talamh sin a bhfuil coinne leis a eascróidh idir an gearrthéarma agus an meántéarma le haghaidh cuspóirí tithíochta.

**6.2** Ceannaíodh an talamh a fuarthas chun na cúlsoláthairtí talún a chruthú le hiasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA).[1] Theastaigh ceadú na Roinne chun an iasacht a údarú. Bhí an ceadú ar choinníoll roinnt téarmaí agus coinníollacha a bhí in ainm is cur i bhfeidhm na gclár éagsúla tithíochta sóisialta agus inacmhainne a éascú. Ba ghnách gurbh iasachtaí fabhraithe úis seacht mbliana a bhí sna hiasachtaí ag a raibh soláthar chun an tréimhse fabhraithe úis a shíneadh níos faide ná seacht mbliana sa chás gur thug an Roinn an faomhadh.[2]

**6.3** D’fhéadfaí iasachtaí, an t-ús rollta suas, a athfhuascailt nuair a úsáideadh an talún ní ba dhéanaí le haghaidh tionscadal tithíochta sóisialta ar soláthraíodh cistiú an Státchiste dó de ghnáth faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP), faoi réir go mbíonn an Roinn sásta le coimre an tionscadail agus go mbíonn aird aici ar an bhfáil atá ar chistiú faoin gclár sin.

**6.4** Tháinig athrú suntasach ar an earnáil tithíochta idir 2007 agus 2008, agus bhí titim mhear le sonrú sa mhargadh tithíochta mar aon le titim ar luachanna talún ina dhiaidh sin.

**6.5** D’aithin an Roinn go bhféadfadh go mbeadh deacrachtaí ag údaráis aonair íoc as na costais a bhain le hiasachtaí a aisíoc de réir mar a bhí siad dlite, go háirithe sa chás nárbh ann d’aon phleananna chun an talamh a fhorbairt le haghaidh tithíocht shóisialta agus go raibh luach i bhfad ní ab ísle athdhíola ar an talamh.

**6.6** Mar fhreagairt ar na deacrachtaí a bhí ag údaráis áitiúla, bunaíodh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún in 2010. Ba é cuspóir na scéime chun an t-ualach airgeadais a bhí ar údaráis áitiúla a laghdú maidir le hiasachtaí a fhuascailt ón HFA, sa chás nár leanadh ar aghaidh le forbairt ionchasach agus sa chás go raibh iasachtaí dlite le híoc.

**6.7** Faoin scéim, d’fhéadfadh údaráis áitiúla talamh forbartha cónaithe a aistriú, ar a raibh iasachtaí de chuid an HFA nár íocadh go fóill, chuig comhlacht sainchuspóra ar a dtugtar an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (an Ghníomhaireacht Tithíochta).[3] Aistríodh an talamh ar tháille ainmniúil €1.

**6.8** Ní fhéadfaí ach talamh a aistriú a raibh cumas réasúnta forbartha cónaithe aici agus nach raibh aon phleananna i gceist chun an talamh sin a fhorbairt idir an gearrthéarma agus an meántéarma. D’fhaomh nó dhiúltaigh an Roinn cuimsiú láithreán sa scéim tar éis breithniú a dhéanamh ar mheasúnú faoinar thug an Ghníomhaireacht Tithíochta.

1 Bunaíodh an HFA chun maoiniú tithíochta a sholáthar d’údaráis áitiúla.

2 I líon áirithe cásanna, soláthraíodh iasachta fabhraithe úis fiche bliain nó iasacht bhlianachtaithe ar feadh breis agus fiche bliain.

3 Bunaíodh cuideachta, ar a dtugtar an Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Ltd) ar mhaithe le tailte a bhainistiú a aistríodh faoin scéim. Cuireadh an comhlacht seo ar bhonn reachtúil in 2012 agus tugadh an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe orthu. Tá socruithe i bhfeidhm anois chun an talamh go léir a aistriú chuig an nGníomhaireacht in am agus i dtráth, na tailte siúd a aistríodh chuig HSC Ltd san áireamh.

**6.9** Faoi shocruithe na bunscéime, chuir an Roinn cistí ar fáil don údarás ábhartha áitiúil chun an iasacht aibithe a fhuascailt ina hiomláine. D'fhéadfaí íocaíocht iasachta ag údarás áitiúil a fhorchúiteamh sula n-aistreofaí na tailte chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

**6.10** Faoi shocruithe leasaithe don scéim a tugadh isteach i Meitheamh 2012, coigeartaíodh an iasacht aibithe chuig iasacht bhlianachta a sholáthair an HFA. Déanann údaráis áitiúla íocaíochtaí blianachta leis an HFA agus, ar an gcoinníoll gur aistríodh na tailte gaolmhara chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, féadfaidh siad na híocaíochtaí a fhorchúiteamh ón Roinn.

**6.11** Dúnadh an scéim an 11 Nollaig 2013. Níor glacadh le haon aighneachtaí i ndiaidh an dáta sin. Níor glacadh le hiarratais isteach sa scéim a rinneadh ach nár faomhadh faoin dáta sin.

**6.12** Tá ceathrar príomhpháirtithe leasmhara/ceithre phríomhghrúpa sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún.[1]

- Tá an Roinn freagrach as maoirsiú na scéime.
- Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as measúnú a dhéanamh ar an talamh i dtaobh bheith oiriúnach lena cuimsiú sa scéim, agus as an talamh a aistrítear faoin scéim a bhainistiú, a fhorbairt agus a úsáid.
- Tá an HFA freagrach as na hiasachtaí blianachta a shocrú.
- Tá údaráis áitiúla freagrach as an bpróiseas tíolactha agus talamh á haistriú.

## An Cúlra le Forbairt na Scéime


**6.13** In 2010, tar éis gur forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Tithíochta, thug an Roinn faoina mheas leis na húdaráis áitiúla cé mhéid talún a ceannaíodh, féachaint chun forbairt a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí cónaithe, ach gur bheag ba dhócha go ndéanfaí forbairt sna deich mbliana atá amach romhainn. D'fhonn méid an chúlsoláthair thalún a dheimhniú, iarradh ar údaráis tithíochta tabhairt faoi iniúchtaí ar na tailte sin.

**6.14** Cheangail na hiniúchtaí talún ar údaráis áitiúla tailte a shainaithint a raibh iasachtaí de chuid an HFA acu nár íocadh astu go fóill a measadh a bhí oiriúnach don Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Ar a shon sin, cé gur luadh sa chiorclán "nach nglacfaí leis (an gcistiú faoin scéim) ach tar éis go bhfuarthas iniúchadh críochnaithe talún", níor leag seo cosc ar an údarás áitiúil ó thailte a sheoladh ar aghaidh lena gcuimsiú sa scéim nach raibh liostaithe san iniúchadh tosaigh. Glacadh le trí láithreán nach raibh cuimsithe sna hiniúchtaí talún ina dhiaidh sin faoin scéim.

**6.15** Thug na hiniúchtaí talún le fios go raibh 259 láithreán a chuimsigh 775 heicteár ar a raibh luach iasachta €500 milliún (caipiteal agus ús in 2010) á gcoimeád ag údaráis áitiúla agus go bhféadfadh go mbeidís oiriúnach lena gcuimsiú sa scéim. Léirítear achar agus costais ceannaigh na talún a sainaithníodh san iniúchadh sin i bhFíor 6.1. Bhí dhá thrian den achar talún a sainaithníodh agus 42% de luach na talún i gceist leis an talamh a ceannaíodh in 2002 nó i mblianta roimhe sin. Is in 2007 a caitheadh an tsuim ba mhó ar thalamh a fháil.

1 Déantar cur síos níos mionsonraithe in Iarscríbhinn A ar fhreagrachtaí páirtithe leasmhara.

**Fíor 6.1 Achar agus costas na talún a cuimsíodh in iniúchtaí talún, de réir bhliain cheannaigh an láithreáin**





Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

## Oibriú na Scéime Comhiomlánaithe Talún

### *Láithreáin a Faomhadh faoi Shocruithe Tosaigh na Scéime*

**6.16** Sa tréimhse a fhad le Meitheamh 2012, d'fhaomh an Roinn cuimsiú 47 láithreán sa scéim, ina raibh achar comhiomlán 173 heicteár. Léirítear achar na láithreán faofa, de réir bhliain cheannaigh na talún, i bhFíor 6.2.


**Fíor 6.2 Achar agus costas láithreán a faomhadh faoi shocrú tosaigh na scéime (a fhad le Meitheamh 2012), de réir bhliain cheannaigh na talún**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**6.17** Léirigh bunchostas na talún in aghaidh an heicteáir athrú suntasach (féach Fíor 6.3). I gcás fhormhór na láithreán, bhí an bunchostas ceannaigh idir €38,000 agus thart ar €750,000 in aghaidh an heicteáir. Fuarthas trí láithreán, i dtosach báire, ar chostais idir €1 milliún agus €1.6 milliún in aghaidh an heicteáir. Cheannaigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin láithreán amháin in 2001 ar chostas €2.8 milliún in aghaidh an heicteáir.

**Fíor 6.3 Bunchostas ceannaigh láithreán in aghaidh an heicteáir a faomhadh faoi shocruithe tosaigh na scéime,[a] 1999 – 2009**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Ní áirítear leis an bhfíor seo láithreán amháin a ceannaíodh in 2001 ar €2.8 milliún in aghaidh an heicteáir.

**6.18** D'íoc an Roinn €111 milliún chun na 47 iasacht a fhuascailt. Meastar gurb ionann bunchostas ceannaigh na talún a aistríodh agus thart ar €86.6 milliún.[1] Ar an mbonn sin, thart ar €24.5 milliún a bhí gné an úis fhabhraithe ar na hiasachtaí fuascailte. Taispeántar in Iarscríbhinn B an costas agus sonraí eile faoi na láithreáin seo.

### *Leasú Shocruithe na Scéime*


**6.19** I Meitheamh 2012, tugadh socruithe leasaithe isteach, ina ndearnadh morgáiste a mhéid le 25 bliain den iasacht ón HFA leis an údarás áitiúil. Déanann an t-údarás áitiúil íocaíochtaí caipitil agus úis leis an HFA agus féadfaidh an t-údarás áitiúil na híocaíochtaí seo a fhorchúiteamh ón Roinn, a fhad agus a aistríodh na tailte chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

**6.20** Faoi na socruithe leasaithe, faomhadh 25 láithreán breise lena gcuimsiú sa scéim, sular dúnadh an scéim.[2] Taispeántar achar agus costas na láithreán a faomhadh faoi na socruithe leasaithe, de réir bhliain cheannaigh na talún, i bhFíor 6.4.

1 Glacann an meastachán seo leis, sa chás nár aistíodh ach cuid de láithreán faoin scéim, go raibh a mhacasamhail de luach ar fháil na talún, ar an meán, a bhí ar an láithreán iomlán.

2 Rinneadh iasacht ar láithreán breise, ag a raibh dliteanas €50,000 gan íoc, a fhuascailt go hiomlán faoin dara babhta d'fhaomhadh.

**Fíor 6.4 Achar agus costas láithreán a faomhadh faoi shocruithe leasaithe na scéime, de réir bhliain cheannaigh na talún**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**6.21** Idir €58,000 agus €1.63 milliún in aghaidh an heicteáir a bhí bunchostas ceannaigh na láithreán faoi shocruithe leasaithe. Idir €100,000 agus €6.1 milliún a bhí costas iomlán ceannaigh láithreáin aonair. Taispeántar in Iarscríbhinn C costas agus sonraí eile faoi na láithreáin seo.

**6.22** Cuimsíodh iasachtaí blianachtaithe maidir leis na 25 láithreán, ar a raibh luach €52.15 milliún ag Meitheamh 2014, lena n-áirítear €12.03 milliún in ús fabhraithe, sa scéim faoi na socruithe leasaithe.

**6.23** D’eascair ceangaltas bliantúil €2.68 milliún sa bhliain as na hiasachtaí blianachtaithe ag an Roinn, má aistrítear gach láithreán faofa.[1]

***Luach na Láithreán a Aistríodh chuig an Scéim***

**6.24** Níor luacháladh talún roimh (nó i ndiaidh) aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Mhínigh an Roinn, mar gheall gur dhírigh an scéim ar laghdú fiachais agus bainistiú na talún a bhí faighte cheana féin, níor measadh go raibh gá le luacháil talún roimh nó i ndiaidh aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

**6.25** Luacháladh trí láithreán sa scéim le déanaí agus taispeánann siad laghdú thart ar 80% ón gcostas ceannaigh in aghaidh an heicteáir a íocadh 12 bhliain ó shin. Nuair a dhéantar breithniú ar ús fabhraithe, thug seo le fios go bhféadfadh go mbeadh luach thart ar 15% de luach na n-iasachtaí a forchúitíodh faoin scéim ar an talamh a aistríodh sna cásanna seo. Luaigh an Roinn gur cheart caitheamh leis na luachálacha seo mar luach an ama seo i láthair, nár eascair aon díol nó caillteanas iarbhír astu. Thug siad chun suntais, chomh maith, go ndearnadh na luachálacha seo ar mhaithe le talamh a bhí suite lasmuigh de mhórlimistéir uirbeacha, in údaráis áitiúla tuaithe, den chuid ba mhó.

1 Bunaítear ríomh an cheangaltais air go bhfanfaidh na rátaí úis ina rátaí seasta 2%. D’athraigh na rátaí a ghearr an HFA idir 1.3% agus 4.6% sa tréimhse ó 2008 i leith.

### *Aistriú Páirteach Láithreán*

**6.26** Luaigh an Roinn nach raibh aon nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun comhréir na hiasachta a cheartú a glacadh isteach sa scéim sa chás nár aistríodh an bunláithreán iomlán a ceannaíodh. Níor aistríodh an láithreán iomlán in 30 de na 47 láithreán a cuimsíodh faoi bhunsocruithe na scéime agus i 7 de na 25 láithreán a bhí san áireamh faoi shocruithe leasaithe an láithreáin.

**6.27** D'aistreofaí ní ba lú talún ná a ceannaíodh i dtosach chuig an scéim sa chás go raibh cuid den láithreán forbartha roimhe seo le haghaidh tithíochta nó gur díoladh é, sa chás gur mhian leis an údarás áitiúil cuid den láithreán a choimeád ar mhaithe le cúiseanna straitéiseacha nó gur limistéar faoi chaomhnú speisialta a bhí i gcuid den láithreán nó go raibh sé criosaithe le haghaidh caitheamh aimsire.

**6.28** Ba é an cleachtas ginearálta ná go bhféadfaí a mhéid le 100% den iasacht nár íocadh a aistriú chuig an scéim sa chás gur aistríodh breis agus 75% den limistéar a bhain leis an iasacht sin, chuig an scéim. Thug an Roinn faoi deara go ndearnadh breithniú ar gach cás ar bhonn aonair. Ní dhearna an measúnú breithniú ar cibé acu an raibh luach ní ba mhó nó ní ba lú ar an limistéar a bhí á choimeád ag an údarás áitiúil in aghaidh an heicteáir ná an limistéar a glacadh isteach sa scéim.

### *Stádas Iarratas lena gCuimsiú sa Scéim*

**6.29** Faoi bhunsocruithe na scéime, ní raibh gá le talamh a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta sular fhorchúitigh an Roinn iasacht. Faoi shocruithe leasaithe na scéime, ní chistíonn an Roinn na híocaíochtaí blianachtaithe iasachta go dtí gur aistríodh na tailte. I gcás thart ar 28% de na láithreáin a cuimsíodh sa scéim faoi na bunsocruithe, agus i gcás breis agus 70% de na láithreáin a faomhadh lena gcuimsiú sa scéim faoi na socruithe leasaithe, ní raibh na haistrithe chuig an nGníomhaireacht Tithíochta críochnaithe amhail dheireadh Mheitheamh 2014. Leagtar amach stádas na n-aistrithe talún i bhFíor 6.5 thíos.

**Fíor 6.5 Achoimre ar stádas aistrithe talún, Meitheamh 2014**

| | **Socruithe tosaigh** | **Socruithe leasaithe** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| Aistrithe | 34 | 7 | 41 |
| Conarthaí a malartaíodh le fiosrúcháin neamhréitithe | 6 | 2 | 8 |
| Conarthaí a fuarthas agus atá á n-athbhreithniú | 3 | 4 | 7 |
| Obair aistrithe ar bun | 4 | 13 | 17 |
| **Gach láithreán ar glacadh leo** | **47** | **26** | **73** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

**6.30** Shainaithin an Roinn cúiseanna a raibh le haistriú moillithe talún chuig an nGníomhaireacht amhail an méid a leanas a áireamh

- comhoibriú a fuarthas ó na húdaráis áitiúla tar éis gur forchúitíodh na hiasachtaí (faoi na socruithe tosaigh) atá idir comhoibriú an-éifeachtúil agus baint íosta
- saincheisteanna teorann agus an gá lena chinntiú go léirítear na tailte a chuirtear ar aghaidh le haghaidh aistriú dlíthiúil i gceart sa cháipéisíocht aistrithe
- an gá lena chinntiú go gcláraítear tailte de réir an údaráis áitiúil leis an Údarás Clárúcháin Maoine
- úsáid talún – talamh a áitítear gan comhaontú foirmiúil a dhéanamh leis an údarás áitiúil nó tailte atá áitithe go neamhdhleathach.

**6.31** Luaigh an Roinn go ndeachaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta i ngleic leis an moill a bhí ar thalamh a aistriú faoin scéim leasaithe ina bhfuil ach na híocaíochtaí a rinneadh tar éis gur críochnaíodh an t-aistriú talún i dteideal forchúitimh ag údarás áitiúil.

### *Iarratais Dhiúltaithe*

**6.32** Luaigh an Roinn gur phríomhbhreithniúchán maidir lena dheimhniú cibé acu an raibh nó nach raibh iarratas oiriúnach lena chuimsiú sa scéim cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cumas réasúnta forbartha cónaithe agus cibé acu an raibh nó nach raibh aon phleananna ann chun na tailte a fhorbairt le haghaidh cuspóirí tithíochta idir an gearrthéarma agus an meántéarma. Mura raibh talamh oiriúnach don scéim, ní fhéadfadh an t-údarás áitiúil forchúiteamh a fháil ó íocaíochtaí na Roinne a rinne siad leis an HFA.

**6.33** Cuireadh 25 láithreán le hiasachtaí bainteacha ar luach €37 milliún ar aghaidh lena gcuimsiú sa scéim ach dhiúltaigh an Roinn iad ina dhiaidh sin. Cé nár thug an Roinn faoi anailís ar na cúiseanna a raibh le diúltú na tailte, i measc na saincheisteanna a sainaithníodh ar láithreáin a cuireadh ar aghaidh lena gcuimsiú ar an scéim, tá

- níor críosaíodh an láithreán le haghaidh forbairt cónaithe
- bhí an láithreán talamhiata
- bhí láithreán stad nó neamhdhleathach ar an láithreán nó foirgneamh ar an talamh
- cuid bheag a bhí sa láithreán a cuireadh ar aghaidh den bhunláithreán a ceannaíodh, ag a bhfuil cumas teoranta forbartha.

### *Forbairt Talún i ndiaidh Aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta*

**6.34** Tar éis gur aistríodh an talamh, tá ar an nGníomhaireacht Talún tuarascáil a réiteach agus straitéis a chur i bhfeidhm le haghaidh bhainistiú, úsáid agus fhorbairt deiridh na talún atá i gceist, lena n-áirítear luacháil i gcás diúscairt talún. Lorgóidh an Ghníomhaireacht Tithíochta ionchur ón údarás áitiúil ábhartha agus ó chomhlachtaí leasmhara eile maidir leis an talamh atá i gceist nuair a bhíonn an tuarascáil seo á réiteach.

**6.35** Thug an Roinn breac-chuntas ar an dul chun cinn maidir le diúscairt nó forbairt láithreán.

- I gcás amháin, fuarthas réidh le cuid bheag de láithreán ar mhaithe le faiche súgartha pobail a fhorbairt.
- Tá breithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht Tithíochta, i gcomhar leis an Roinn, faoi láthair ar chúig láithreán fhéideartha a fhorbairt, lena n-áirítear dhá cheann atá le húsáid le haghaidh cóiríochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta.
- Tá plé ar bun leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le dhá láithreán, agus leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le cumas láithreáin eile.


Luaigh an Roinn go bhfuil siad agus an Ghníomhaireacht Tithíochta ag oibriú i gcomhairliúchán le hearnáil an údaráis áitiúil, tríd an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, ar fhorbairt straitéis bhainistíochta talún le haghaidh tailte atá aistrithe faoin scéim. Tá machnamh á dhéanamh air seo i gcomhthéacs straitéis nua tithíochta sóisialta, ar leag an Rialtas sainchúram ar an Roinn lena réiteach.

## Iasachtaí gan Íoc le Talamh a Fháil

**6.36** Is ionann luach iomlán na n-iasachtaí fála talún a tarraingíodh anuas ón HFA sa tréimhse ó 1999 i leith agus €821 milliún (féach Iarscríbhinn D). Bhí €507 milliún de na hiasachtaí seo, ar an iomlán, gan íoc amhail an 31 Nollaig 2013. Nochtar in Iarscríbhinn D iarmhéideanna gan íoc an HFA maidir le fáil talún amhail an 31 Nollaig 2013. Léiríonn an t-athrú, go príomha, an glantoradh ar ús a fabhraíodh, fuascailt iasachtaí tar éis ghnáthfhorbairt talún agus thionchair na scéime comhiomlánaithe talún.

**6.37** Léirítear próifíl aibíochta na n-iasachtaí gan íoc i bhFíor 6.6 thíos. Níor ceadaíodh ach trí fháil talún ó 2009 i leith. Bhí buniasachtaí fabhraithe úis ar luach €281 milliún gan íoc, agus bhí €226 milliún le híoc faoi iasachtaí blianachtaithe. Áirítear le hiasachtaí blianachtaithe iasachtaí a blianachtaíodh faoi shocruithe leasaithe na Scéime Comhiomlánaithe Talún ar luach €52.1 milliún.

**Fíor 6.6 Próifíl aibíochta iasachtaí gan íoc an údaráis áitiúil le talamh a fháil**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

## Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

**6.38** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta, mar chuid dá sainchúram mar údaráis tithíochta, rinne údaráis áitiúla, le tacaíocht na Roinne, cúlsoláthairtí talún a chruthú, go príomha chun bheith mar bhonn agus taca lena gcláir thithíochta agus lena chinntiú, i margadh timthriallach maoine, go raibh soláthar talún ag údaráis chun freastal ar riachtanais tithíochta amach anseo. Cruthaíodh na cúlsoláthairtí talún seo le himeacht ama ach cuireadh leo, go háirithe i rith na tréimhse idir 2000 i leith trí cheannaigh lenar thacaigh cistiú iasachta a sholáthair an HFA, agus trí idirbheartaíochtaí Chuid V.[1]

**6.39** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é ceann d'fhreagrachtaí na Gníomhaireachta Tithíochta chun gníomhú mar chomhlacht lárnach do bhainistiú na talún agus go leagtar an tasc orthu úsáid optamach an chúlsoláthair thalún a chinntiú, lena n-áirítear idirchaidreamh a dhéanamh le gach comhlacht ábhartha ar úsáid fhéideartha amach anseo. Leanann an cúlsoláthar bheith ar fáil ar mhaithe le cuspóirí tithíochta sóisialta, lena mbaineann ábharthacht lárnach i gcomhthéacs fairsingiú gan choinne chlár tithíochta sóisialta an Rialtais.

**6.40** Tugadh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún anonn mar chuid d'fhreagairt ní ab fhairsinge ar fud an Rialtais do dhéileáil le leagáidí a d'eascair ón gcúlú suntasach geilleagrach in 2007/2008. Ba é príomhchuspóir na scéime cabhrú le leachtú na n-iasachtaí a ghlac údaráis tithíochta (le faomhadh na Roinne) ón HFA chun talamh a cheannach do na cláir infheistíochta tithíochta sóisialta agus inacmhainne, agus chun creatlach a sholáthar le haghaidh bhainistiú na dtailte sin amach anseo. Nuair a chuirtear san áireamh go mbíodh forchúiteamh iomlán an Státchiste ar chostais talún i dtaca le tionscadail tithíochta sóisialta ina ghnáthchleachtas go stairiúil, agus go gceannódh údaráis áitiúla tailte agus iad ag súil le tacaíocht a fháil ón Státchiste le haghaidh fhorbairt na tithíochta sóisialta (mar aon le tacaíocht i dtaobh phraghas ceannaigh na talún), ba chur chuige réasúnta tabhairt isteach na scéime lena nglacfadh an Stát i leith an chúlra scálaithe shuntasaigh anoir sa chlár caipitil tithíochta údaráis áitiúil agus an tionchar diúltach iarmharach a imríodh ar na hionchais dhlisteanacha de chuid údaráis áitiúla chun na costais talún a aisghabháil agus na hiasachtaí gaolmhara a aisíoc.

**6.41** I dtaobh cásanna nár aistríodh an láithreán iomlán chuig an scéim, ach gur aistríodh an iasacht iomlán, luaigh sé gur glacadh le dearcadh praiticiúil, agus aird ar chuspóir na scéime chun leibhéil fiachais údaráis áitiúil a laghdú. Sa chás go ndearna údarás áitiúil aighneacht lenar áiríodh iasacht gan íoc a bhain le talamh a bhí inghlactha faoin scéim, ach a bhí bainteach le sócmhainní eile a bhí fós i seilbh an údaráis áitiúil, d'fhéadfaí glacadh leis an iarratas sin isteach sa scéim. Ar an gcuma chéanna, úsáideadh forchúitimh pháirteacha iasachta mar rogha, sa chás cuí. Luaigh sé gur déileáladh le gach cás ar a dtuillteanais aonair, agus aird ar an bprionsabal chun an t-ualach níos fairsinge airgeadais a laghdú ar údaráis áitiúla, agus cloí go hiomlán le téarmaí na scéime i gcomhthráth.

1 Faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2007, ceanglaítear ar fhorbróirí cuid de shuíomh a chur ar leataobh le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne.

**6.42** Luaigh sé nach bhféadfaí glacadh isteach sa scéim ach le talamh a chuir údaráis áitiúla ar aghaidh chuig an scéim. I dtaca leis na 30 as na 47 láithreán dá dtagraítear nár aistríodh an bunláithreán ina iomláine chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, dúirt sé gur tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cuireadh an bunláithreán iomlán ar aghaidh in aon cheann de na 30 cás seo. Sna 17 gcás eile, cuireadh an bunláithreán iomlán a ceannaíodh ar aghaidh agus glacadh leis i 16 chás agus i gcás amháin, níor glacadh leis an láithreán iomlán. Luaigh sé, i gcásanna inar glacadh le 100% d'fhuílleach iasacht talún isteach sa scéim agus inar aistríodh níos lú ná 100% de na buntailte a bhain leis an iasacht sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, ní chiallaíonn seo go huathoibríoch gur úsáideadh an scéim d'iomlán na buniasachta. Mar shampla, sa chás gur forbraíodh codanna talún cheana féin le haghaidh tithíochta, dhéanfaí an chuid den chostas talún a bhaineann leis an bhforbairt ní ba luaithe sin a fhorchúiteamh roimhe sin, agus dhéanfadh seo an iasacht tosaigh a laghdú. Má rinneadh codanna den talamh a sheirbhísiú le haghaidh cúiseanna forbartha níos fairsinge, cé go dtarlódh nach ndéanfaí an chuid sin talún a áireamh sa scéim nó an iasacht a laghdú i dtabhairt faoin seirbhísiú sin, mhéadódh an seirbhísiú luach agus fóntas na dtailte máguaird agus bheadh sé ní ba dhóchúla go rachfaí i mbun tithíochta ann idir an gearrthéarma agus an meántéarma.

**6.43** Luaigh sé, chomh maith, go ndearna an Roinn agus an HFA iarrachtaí suntasacha chun dul i ngleic le moilleanna a bhí ar láithreáin a aistriú agus tá méadú ag teacht ar an ráta aistrithe. Ina leith sin, aistríodh dhá láithreán bhreise in Iúil 2014 agus leanfar le tús áite a thabhairt d'obair ar bhreis aistrithe.

## Conclúidí

**6.44** Bunaíodh an Scéim Chomhiomlánaithe Talún chun tacú le húdaráis áitiúla tríd an ualach airgeadais a laghdú maidir le hiasachtaí a sheirbhísiú a glacadh ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe sa chás nár forbraíodh an talamh a fuarthas le haghaidh tithíocht shóisialta agus inacmhainne go fóill.

**6.45** Bhí iasachtaí a sholáthair an HFA do na láithreáin seo in ainm is bheith ar mhaithe le tacú le forbairt tithíochta sóisialta agus inacmhainne amháin. Bhí go leor de na láithreáin nár úsáideadh faoi úinéireacht ó 2002 nó ní ba luaithe. Deimhníodh an méid a leanas, áfach, tar éis scrúdú a dhéanamh ar na hiasachtaí a faomhadh faoin scéim

- diúltaíodh 25 láithreán a fuair údaráis áitiúla le haghaidh forbairt cónaithe (ar a raibh praghas comhiomlán €37 milliún) amhail bheith mí-oiriúnach le haghaidh na Scéime Comhiomlánaithe Talún, go héifeachtach mar gheall go raibh siad, nó gur éirigh siad, mí-oiriúnach le haghaidh forbairt cónaithe
- i gcás na 37 láithreán ar glacadh leo lena n-aistriú faoin scéim, níor aistríodh an bunláithreán. B'éard ba chúis leis seo ná gur caitheadh leis an gcuid eile den láithreán mar limistéar faoi chaomhnú speisialta nó bheith criosaithe le haghaidh caitheamh aimsire, agus ba mhian leis an údarás an chuid den láithreán sin a choimeád, nó thit forbairt amach ar chuid den láithreán cheana féin.

**6.46** Tá moilleanna an-suntasacha ar aistriú go leor láithreán chuig an nGníomhaireacht Tithíochta a chur ar bun. Áirítear leis seo roinnt láithreán ina ndearna an Roinn íocaíocht amach cheana féin faoin scéim chun na hiasachtaí a fhorchúiteamh.

**6.47** Ní dhearnadh láithreáin a athluacháil sula ndearnadh an t-aistriú chuig an scéim a fhaomhadh. Fuair an Roinn trí luacháil ina dhiaidh sin a léirigh laghdú thart ar 80% ar na bunphraghsanna ceannaigh a íocadh 12 bhliain roimhe sin, gan costais mhaoinithe a chur san áireamh.

**6.48** Cuireadh ús a d'fhabhraigh ar na hiasachtaí a glacadh isteach sa scéim in íocaíochtaí a rinne an Roinn. Meastar gurb ionann seo agus thart ar €24.5 milliún (28% den bhunchostas costais) le haghaidh na 47 iasacht a aistríodh faoin mbunscéim.

**6.49** Anuas air sin, rinneadh ús fabhraithe a chaipitliú agus iasachtaí blianachtaithe ionaid á socrú. Faoi shocruithe na scéime leasaithe, eascróidh go ndéanfar taifeadadh ar cheangaltas sa chuntas leithreasa le haghaidh Vóta 25 an Chomhshaoil, Pobail agus an Rialtais Áitiúil as na hiasachtaí blianachtaithe. Leanfar le híocaíochtaí blianachta go dtí 2038.

**6.50** Ní chruthaítear ceangaltas faoin Vóta le haghaidh iasachta a ghlactar isteach sa scéim go dtí gur críochnaíodh an t-aistriú talún. A luaithe a aistrítear an talamh go léir ar glacadh léi chuig úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta, beidh na húdaráis áitiúla i dteideal forchúiteamh a éileamh ina iomláine, agus tabharfar ceangaltas (bunaithe ar na rátaí reatha úis), thart ar €2.68 milliún sa bhliain faoi deara sa chuntas leithreasa.

## Iarscríbhinn A Páirtithe Leasmhara sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún

*An Roinn*

- Tá an Roinn freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar an scéim ó pheirspictíocht bheartas tithíochta, mar aon le híocaíochtaí a phróiseáil agus gnéithe eile den scéim a bhainistiú. Téann an Roinn i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus údaráis áitiúla ar an dul chun cinn a rinneadh ar aistriú tailte agus ar fhorbairt fhéideartha na dtailte.
- Tá an Roinn ag oibriú i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Tithíochta a bhfuil straitéis bhainistíochta tailte á forbairt acu le haghaidh tailte a aistríodh chucu faoin scéim, i gcomhthéacs an bheartais nua tithíochta, ceangaltas Roinne faoin Straitéis Tógála, a faomhadh le déanaí, atá le foilsiú i bhfómhar 2014.
- Tá ról ag an Roinn i monatóireacht agus i mbainistiú a dhéanamh ar ualach foriomlán fiachais údarás áitiúil agus bainistiú na ndrochthorthaí airgeadais atá i leith údaráis áitiúla i ndiaidh go gcuirtear deireadh leis an scéim.

*An Ghníomhaireacht Tithíochta*

- Soláthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhísí i mbainistiú, forbairt agus úsáid na talún a aistríodh ó údaráis áitiúla agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún. I measc na seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta tá
    - breithmheas tosaigh a dhéanamh ar thalamh lena dheimhniú an mbaineann sí critéir ghinearálta na scéime amach agus measúnú ar dhícheall cuí sula n-aistrítear talamh
    - bainistiú na talún a aistríodh
    - straitéis a fhorbairt chun talamh a úsáid.
- Tá comhaontú leibhéal na seirbhíse ann idir an Roinn agus an Ghníomhaireacht maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear.

*An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe*

- Faigheann an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA) cistiú iomaíocht fadtéarmach ó na margaí caipitiúla mórdhíola agus airgid agus tugann siad airgead ar iasacht ar chostas le húdaráis áitiúla. Faigheann an HFA airgead ar iasacht faoi ráthaíocht Rialtais, a chuireann ar a gcumas téarmaí fabhracha a fháil sa mhargadh.
- Faoi shocruithe leasaithe na scéime, faigheann an HFA íocaíocht ón údarás áitiúil go díreach. Tá socruithe déanta ag an HFA go díreach le húdaráis áitiúla eile nach raibh in ann fáil a bheith acu ar an scéim chun iasachtaí um fháil talún ús amháin a shíneadh, ar aibiú ar feadh cúig bliana breise, agus faoin tráth sin, aistrítear iad go blianachtaí gnáthchúrsa.

*Údaráis Áitiúla*

- Sa chás go bhfaomhtar talamh lena cuimsiú sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún, tá ar údaráis áitiúla tabhairt faoi oibreacha a shainaithnítear sa chleachtas díchill chuí sular féidir an talamh a aistriú. Tá údaráis áitiúla freagrach as an bpróiseas tíolactha agus aon talamh á haistriú. Déantar comhaontú, corruair, ar shocruithe idir an Ghníomhaireacht Tithíochta agus údaráis áitiúla ar an talamh aistrithe a choimeád agus a fháil.

## Iarscríbhinn B Aistrithe Láithreán a Faomhadh faoi Shocruithe Tosaigh

| Údarás Áitiúil | Ceannaithe | | | | Aistrithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bliain an Cheannaigh | Heicteáir | Costas ceannaigh | Costas sa heicteár | Heicteáir | Luach na hiasachta a forchúitíodh | Costas sa heicteár |
| | | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| Comhairle Contae Cheatharlach | 2001 | 3.20 | 635 | 198 | 1.89 | 500 | 265 |
| Comhairle Contae Cheatharlach | 2001 | 4.04 | 559 | 138 | 3.23 | 612 | 189 |
| Comhairle Contae an Chláir | 2007-2008 | 4.40 | 1,901 | 432 | 4.41 | 2,190 | 497 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 0.82 | 393 | 479 | 0.50 | 349 | 698 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 2.03 | 203 | 100 | 1.31 | 242 | 185 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 3.28 | 2,412 | 735 | 2.02 | 1,474 | 730 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2001 | 3.46 | 1,238 | 358 | 2.26 | 1,127 | 499 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2001 | 15.26 | 2,413 | 158 | 13.48 | 2,789 | 207 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2002 | 1.65 | 89 | 54 | 1.65 | 115 | 70 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2002 | 2.76 | 349 | 126 | 1.34 | 152 | 113 |
| Comhairle Baile Mhala | 2007 | 5.26 | 2,984 | 567 | 5.26 | 3,877 | 737 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 2001 | 3.20 | 8,825 | 2,758 | 2.80 | 10,258 | 3,664 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 2000 | 24.21 | 19,046 | 787 | 24.21 | 26,479 | 1,094 |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 2002 | 5.44 | 6,250 | 1,149 | 2.50 | 7,006 | 2,802 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 2000 | 8.76 | 3,809 | 435 | 7.93 | 4,751 | 599 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 2002 | 8.49 | 2,793 | 329 | 8.49 | 3,596 | 424 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 2003 | 4.04 | 1,550 | 384 | 4.04 | 1,929 | 477 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 2003 | 4.16 | 653 | 157 | 4.16 | 830 | 200 |
| Comhairle Baile an Náis | 2001 | 5.66 | 8,888 | 1,570 | 5.66 | 11,522 | 2,036 |
| Comhairle Contae Laoise | 1999-2001 | 1.98 | 267 | 135 | 1.98 | 343 | 173 |
| Comhairle Contae Laoise | 1999 | 5.62 | 508 | 90 | 1.50 | 111 | 74 |
| Comhairle Contae Laoise | 2000 | 3.10 | 654 | 211 | 3.10 | 850 | 274 |
| Comhairle Contae Laoise | 2001 | 1.25 | 140 | 112 | 1.25 | 178 | 142 |
| Comhairle Contae Laoise | 2003 | 3.56 | 762 | 214 | 1.72 | 370 | 215 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2000 | 4.17 | 413 | 99 | 3.46 | 434 | 125 |

| Údarás Áitiúil | Ceannaithe | | | | Aistrithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bliain an Cheannaigh | Heicteáir | Costas ceannaigh | Costas sa heicteár | Heicteáir | Luach na hiasachta a forchúitíodh | Costas sa heicteár |
| | | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2001 | 1.71 | 338 | 198 | 0.52 | 124 | 238 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2001 | 1.67 | 63 | 38 | 1.21 | 55 | 45 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2002 | 2.34 | 152 | 65 | 1.48 | 136 | 92 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2002 | 2.37 | 190 | 80 | 2.07 | 230 | 111 |
| Comhairle Contae na Mí | 2001 | 4.39 | 2,100 | 478 | 4.39 | 2,516 | 573 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2001 | 2.20 | 1,227 | 558 | 2.20 | 1,660 | 755 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2001 | 3.30 | 1,947 | 590 | 3.30 | 2,508 | 760 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 2003 | 1.96 | 3,000 | 1,531 | 1.96 | 3,328 | 1,698 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 2002 | 3.67 | 381 | 104 | 2.87 | 371 | 129 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2001 | 1.31 | 210 | 160 | 1.31 | 274 | 209 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2001 | 1.66 | 152 | 92 | 0.22 | 34 | 155 |
| Comhairle Contae Shligigh | 2003 | 13.00 | 11,198 | 861 | 11.80 | 4,828 | 409 |
| Comhairle Baile Thrá Lí | 2001 | 14.33 | 4,318 | 301 | 8.28 | 5,586 | 675 |
| Comhairle Contae Phort Láirge | 2000 | 6.40 | 857 | 134 | 4.30 | 871 | 203 |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | 2002 | 2.93 | 1,270 | 433 | 2.93 | 1,620 | 553 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2000 | 2.86 | 1,260 | 441 | 0.95 | 701 | 738 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2000 | 5.00 | 1,067 | 213 | 4.39 | 1,253 | 285 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2001 | 2.30 | 543 | 236 | 0.71 | 283 | 399 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2001 | 3.15 | 495 | 157 | 0.52 | 111 | 213 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2002 | 10.88 | 2,793 | 257 | 0.73 | 271 | 371 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2002 | 4.21 | 635 | 151 | 3.40 | 829 | 244 |
| Comhairle Baile Chill Mhantáin | 2000 | 6.03 | 3,028 | 502 | 2.90 | 1,390 | 479 |
| **Iomláin** | | **227.47** | **104,958** | | **172.59** | **111,063** | |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

# Iarscríbhinn C Aistrithe Láithreán a Faomhadh faoi Shocruithe Leasaithe

| An tÚdarás Cuí | Ceannaithe | | | | Aistrithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Bliain an Cheannaigh | Heicteáir | Costas ceannaigh na talún | Costas sa heicteár | Heicteáir a cuimsíodh sa scéim | An tsuim a aistríodh chuig an scéim | Costas sa heicteár ar an talamh sa scéim |
| | | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| Comhairle Contae Cheatharlach[a] | 2002 | 2.20 | 735 | 334 | 2.20 | 961 | 437 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 2.46 | 762 | 310 | 2.46 | 1,067 | 434 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 1.40 | 444 | 317 | 1.40 | 622 | 444 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2001 | 3.63 | 2,159 | 595 | 3.63 | 3,006 | 828 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2001 | 3.98 | 2,618 | 658 | 3.98 | 3,535 | 888 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2000 | 13.35 | 4,317 | 323 | 8.59 | 3,781 | 440 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2002 | 1.30 | 540 | 415 | 1.29 | 709 | 550 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2003 | 1.16 | 900 | 776 | 1.16 | 1,136 | 979 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 2003 | 0.13 | 152 | 1,169 | 0.13 | 254 | 1,954 |
| Comhairle Baile Dhún Dealgan | 2005 | 3.09 | 3,400 | 1,100 | 3.09 | 4,159 | 1,346 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 2001 | 7.30 | 5,523 | 757 | 7.30 | 7,286 | 998 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 2002 | 3.34 | 1,778 | 532 | 2.77 | 1,554 | 561 |
| Comhairle Contae Laoise | 2002 | 1.49 | 1,048 | 703 | 1.49 | 1,383 | 928 |
| Comhairle Contae Laoise | 2002 | 0.92 | 260 | 283 | 0.92 | 340 | 370 |
| Comhairle Contae Laoise | 2005 | 1.03 | 450 | 437 | 1.03 | 554 | 538 |
| Comhairle Contae Laoise | 2005 | 1.03 | 1,680 | 1,631 | 1.03 | 2,068 | 2,008 |
| Comhairle Contae Laoise | 2005 | 0.74 | 100 | 135 | 0.74 | 123 | 166 |
| Comhairle Contae Laoise | 2005 | 2.13 | 1,000 | 469 | 2.13 | 1,244 | 584 |
| Comhairle Contae Luimnigh | 2001 | 2.50 | 254 | 102 | 1.25 | 99 | 79 |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 2004 | 1.42 | 800 | 563 | 1.22 | 622 | 510 |
| Comhairle Baile Thulach Mhór | 2005 | 5.79 | 3,925 | 678 | 4.34 | 4,837 | 1,115 |
| Comhairle Buirge Shligigh | 2001 | 15.18 | 6,146 | 405 | 15.18 | 8,830 | 582 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 2001 | 2.99 | 174 | 58 | 0.76 | 237 | 312 |
| Comhairle Contae Loch Garman (2 láithreán) | 2001 | 10.64 | 3,345 | 314 | 5.96 | 3,744 | 628 |
| **Iomláin** | | 89.20 | 42,510 | | 74.05 | 52,151 | |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Forchúitíodh iasacht ar láithreán breise i gCeatharlach (nach bhfuil san áireamh) go hiomlán mar gheall ar an íseal-luach a bhí air (€50,000).

## Iarscríbhinn D Méid a fuarthas ar iasacht ó HFA do shuímh cónaithe ó 1999 agus iarmhéideanna HFA gan íoc i leith talamh a fháil ar an 31 Nollaig 2013[a]

| Údarás Áitiúil | Méid a fuarthas ar iasacht ó 1999 | Iarmhéideanna HFA gan íoc 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Comhairle Contae Cheatharlach | 13,282 | 7,507 |
| Comhairle Baile Cheatharlach | 2,222 | – |
| Comhairle Contae an Chabháin | – | – |
| Comhairle Contae an Chláir | 10,900 | 6,775 |
| Comhairle Baile na hInse | 3,551 | – |
| Cathair Cathrach Chorcaí | 51,619 | 37,459 |
| Comhairle Contae Chorcaí | 70,160 | 52,152 |
| Comhairle Baile Mhainistir Fhear Maí | 280 | 338 |
| Comhairle Baile Sciobairín | 1,200 | 1,472 |
| Comhairle Baile Chloich na Coillte | 965 | – |
| Comhairle Baile Mhala | 3,040 | – |
| Comhairle Contae Dhún na nGall | 11,738 | 2,565 |
| Comhairle Baile Bhun Dobhráin | 1,900 | 2,063 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 76,267 | 40,096 |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 42,337 | 36,458 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 49,287 | 8,676 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | – | – |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 54,077 | 31,909 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 10,385 | 2,985 |
| Comhairle Contae Chiarraí | 29,086 | 20,693 |
| Comhairle Baile Thrá Lí | 20,615 | 14,848 |
| Comhairle Baile Lios Tuathail | 600 | 699 |
| Comhairle Contae Chill Dara | 20,482 | 5,285 |
| Comhairle Baile an Náis | 9,269 | – |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | – | – |
| Comhairle Contae Laoise | 16,299 | 8,949 |
| Comhairle Contae Liatroma[b] | – | 1,623 |
| Comhairle Cathrach Luimnigh | 10,349 | – |
| Comhairle Contae Luimnigh | 4,874 | 1,273 |
| Comhairle Contae an Longfoirt | 3,082 | 2,926 |
| Comhairle Baile an Longfoirt | 1,100 | – |
| Comhairle Contae Lú | 13,931 | 14,600 |
| Comhairle Buirge Dhroichead Átha | 49,354 | 40,449 |

| Údarás Áitiúil | Méid a fuarthas ar iasacht ó 1999 | Iarmhéideanna HFA gan íoc 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Comhairle Baile Dhún Dealgan | 18,786 | 12,831 |
| Comhairle Contae Mhaigh Eo | 8,491 | 6,928 |
| Comhairle Baile Chathair na Mart | 3,000 | 2,717 |
| Comhairle Contae na Mí | 28,383 | 30,344 |
| Comhairle Contae Mhuineacháin | – | – |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh | 4,248 | – |
| Comhairle Baile Dhurlais | 1,651 | – |
| Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 9,181 | 3,225 |
| Comhairle Baile Thulach Mhór | 5,657 | 4,762 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | – | – |
| Comhairle Buirge Shligigh | 30,673 | 29,625 |
| Comhairle Contae Shligigh | 17,406 | 9,050 |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas | 9,748 | 8,649 |
| Comhairle Baile Charraig na Siúire | 569 | 405 |
| Comhairle Buirge Chluain Meala | 1,800 | 1,416 |
| Comhairle Baile Chaisil | 203 | – |
| Comhairle Baile Thiobraid Árann | 1,009 | – |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | 9,790 | 4,931 |
| Comhairle Contae Phort Láirge | 5,569 | 1,473 |
| Comhairle Baile Dhún Garbháin | 5,382 | 1,042 |
| Comhairle Contae na hIarmhí | 2,116 | 1,535 |
| Comhairle Baile Bhaile Átha Luain | 1,300 | 1,486 |
| Comhairle Contae Loch Garman | 20,775 | 9,788 |
| Comhairle Baile Inis Córthaidh | 1,366 | – |
| Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin | 254 | – |
| Comhairle Contae Chill Mhantáin | 34,181 | 25,454 |
| Comhairle Baile Chill Mhantáin | 5,629 | 2,910 |
| Comhairle Baile Bhré | 8,703 | 6,640 |
| **Iomlán – gach údaráis áitiúil** | 818,121 | 507,011 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | 3,174 | – |
| **Iomlán** | **821,295** | **507,011** |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nótaí:

a Tagann athrú ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht ón HFA mar thoradh ar an méid a leanas
- ús fabhraithe
- saincheisteanna agus fuascailtí iasachta
- athmhaoiniú trí choigeartú chuig iasachtaí blianachta.

b In 2007, ghlac Comhairle Contae Liatroma iasacht faoin Scéim Iasachta agus Fóirdheontais Chaipitiúil (CLSS) le haghaidh tionscadal beartaithe tithíochta deonaí, nár cuireadh tús leis. D'oibrigh Comhairle Contae Liatroma leis an Roinn agus an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistiú na hiasachta. Mar thoradh air sin, in 2013, aistríodh an iasacht, ar iarraidh na Comhairle, ó iasacht CLSS chuig iasacht um fháil talún.